

AN BHAINRUGHAN SHOLUSACH.

Bainrioghan a bhí ann, Inghean Rí fairrge Righte fairrge a bhíodh ann fadó agus ní raibh sí ag dul a' pósadh aon fhear go bhfuigheadh sí Rí farrige . Bhí sí indon rud ar bith a d'éanamh le draoideacht bhí Rí mor talmhan agus thosuigh sé ag taeróracht, a rádh léithe go mbadh cheart dí é féin a pósadh. 'Sé an chaoi ar chuir sé fearg uirthé agus d'éirigh sí dé léim agus chuaigh sí sa ngeala, bhí sí sgathamh sa ngeala agus thosaigh mac Rí na gealaighe ag taeróracht bhí a rádh go mbadh cheart dí é féin a phósadh. Déirigh sí feargach leis sin aríst agus ba chuma léi cé ngabfadh sí. Deirigh sí de leim agus d'fág sí an ghealach caiptín soitigh a bhí ar an bhfairrge chonnaic sé an bhean ar an stúir agus gabh sé ina ghabhail í. Nuair a gabh sé ina ghabhail í d'fhiafruigh sé dí céarbh í féin. Dubhairt sí gur bainrioghan a bhí innte, dubhairt seisean go raibh aithne aige ar Rí agus cheap sé nach raibh Rí ar bith a b'fearr le fágghail aice ná an Rí sin, mac Rí Fó thuinn. Sheol sé an soitheach annsin go ríocht Rí Fó Thuinn. Nuair a tháinig sé i dtír thug sé suas chó fada leis an gcúirt í . Chuaigh sé isteach agus dubhairt sé leis an Rí go raibh an bhainrioghan ba bhreaghachta faoi'n domhan aige le tabhairt dó, agus "ceard a thiubhradh sé dó uirthé." "Cúig mhíle fhichead." "Ní gaisge ar bith dom-sa an méid sina thabhairt duit agus tuilleadh dá n-iarrthá é agus b Bhreagh agat, is breaghachta faoi'n domhan: Phó siad annsin nuair a d'imthigh an caiptín bhí sí na suidhe ar a gcathaoir agus gan focal aiste. Dá dtigeadh an Rí ba hárdnósaighe faoi'n domhan ní fháhfadh sí an chathaoir dó agus ní leagfadh sí cathaoir aige, níor labhair sí focal leis an bhfear go dtí go raibh sí gar do bhliain pósta. Annsin labhair sí leis agus dubhairt sí nach labhróchadh marach gur theastaigh bean uaithe. "Is maith an chaoi gur labhair tú ar deire," adeir sé. "Cuirfidh mise fios ar bhean duit. "Ní chuirfir gabh suas a chodladh ní maith liom tú bheith ag breathnú orm cuirfidh mise fios uirthé mé féin agus is gearr a b'híos sí ag teacht chugam" Gabh an Rí suas agus luigh sé ar a leabadh. Tharraing sise cíléar uisge chuite agus cupán agus thosuigh sí ag déanamh a cuid easarlaidheachta. Is gearr gur airigh an Rían fhairrge ag gabhail leis na fuinneoga agus d'airigh sí na ag osgailt an dorais agus leig sí isteach a dreatháir agus a máthair agus bean i n-éinfeacht leobh. Is gearr a bhí siad istigh nuair a rugadh mac breagh nach bhféadfadh leanbh ar bith bheith ní ba bhreaghachta ná é. D'fhiafruigh an dreatháir cé raibh athair an pháiste. Tá sé ina chodladh," adeir máthair an pháiste. Ó, 'nach ar an áit a dtáinig mé, ag bodach talmhan nach n-éireochadh chó fada liom." Adeir sé. Ní bodach ar bith é ach togha na bhfear nar labhair mé focal le bliain leis. Mé f'féin a dubhairt leis nil suas a chodladh nuair a bhí mé ag cuir sios oraí-sé." Chuala an Rí iad, Tháinig sé chó fala leob. Bhí fearad na fáilte aige roimh an triúr aca rinne sé go mór díob, D'fhiafruigh an tseanmháthair dí cén t-ainm a thiubhradh sí as bpáiste " tiubhraidh mé Rí an trráimh air." Níor mhaith léithe ag dul ag déanamh beagain dá athair ná beagán dá dreatháir féin ag nil dá bhaisteadh as ceachtar acabh, níor mhaith léithe rud ar bith a

bhaisteadh as an talamh. Bhí sé ag éirí suas annsin ní raibh sé a bfhad cór ar bith gur cailleadh a athair. Nuair a bhí sé suas ina fhear. Tháinig dreatháir na máthair ar cuairt acabh. Bhí an t-oncal le n-a chéile tamall i déirigh an fear óg agus gabh sé suas chodladh. Nuair a cheapadar go raibh sé ina chodladh agus seisean ag éisteacht leochab, dhíafraigh an toncal den máthair cé phósfadh sé. "Ní bhéidh mé sásta aon inghean Rí talamhan a bheith aige, ach bhífinn sásta le n-a léithéid seo dhiuighin rí fairrige a bheith aige adeir an mháthair. Bhí mé ceapadh sgathamh, nuair a bhí mé féin óg, gurbh é a hathair a bheadh pósta agam féin, ach níor éirigh liom é a bheith agam asé a inhhean sin a bfhearr liom bheith ag mo mhac." Nuair achuala seisean an chainnt d'éirigh sé agus dhiarr sé amach an t-oncal ag spaisteoireacht. Chuaidh an t-oncal amach leis. Cén sórt cainnte a bhí or-tsa le mo máthair nuair a bhí mise i mo chodladh?" adeir sé. Ní raibh cainnt ar bith" adeir an t-oncal "bhí," adeir sé "agus a bhean sin a bhí sibh a rádh tá sé có mhaith duit a thigheacht dá hiarraidh liom "gabhfad," adeir an t-oncal Siubhail siad lé chéile go ndeachaidh siad isteach sa gcúirt agus diarr an t-oncal an inghean den Rí. Chuala an bhean óg í féin dá hiarraidh agus bhí an oiread gráin aice air nuair a chonnaic sí é, faoi gur Rí talamhan a bhí ann, Gur glaoigh sí ar bheirt bhan coimhdheachta amach leithe go bhfágfadh sí amharc Déirigh an t-oncal agus an Rí farrige seo ag troid lé chéile agus marbhuigheadh an t-oncal. Nuair a bhí an t-oncal marbh d'imthigh seisean amach agus ní raibh fhios aige cé ngabhfadh sé. Bhí sé ag imtheacht leis gur casadh triúr ban leis-an bhean a bhí sé a iarraidh agus beirt bhan coimhdeach. D'fhiafrigh inghean an Rí dó cérbh é fein. Dubhairt sé léithe gur mac Rí é a tháinig ag iarraidh mná agus gur marghuigheadh a oncal mar gheall air, a bhí dá hiarraidh i n-éinfheacht leis agus go raibh náire air faoi. "Náire adeir sí, nach mise an bhean sin agus nach féidir liom tú a phósadh gan buidheachas dom athair," adeir sí, ach gabh leith agus leag do chos ar mo bhois go bhfeicidh mé thú. Chroch sé suas a chois gur leag sé ar a bhois í, agus nuair a leag sé a chois ar a bois chuir sí séadeog faoi go ndearann sí colun de. Nuair a bhí sé ina cholun annsin "tóg é sin," adeir sí le bean de na mná coimhdeachta, téirigh chó fada leis an bhfairrige agus téirigh amach chó fada le carraig a ghunna,, fág ar charraig a ghunna é go dteagadh na héanacha fiadháin anocht ann agus íosfaidh siad sin é. Nuair a gheobhfar siad rómpab é. D'imthigh leis an gcailín agus thug sí leis é agus chuir sí an choill idir í féin agus an bhean óg, agus nuair a bhí sí i gcumhair na coille sgaoil sí an t-éan agus thug sí cead an bealaigh dó, nuair a tháinig sí ar ais d'fhiafrigh an bhean óg di ar fhág sí ar charraig na gunna é. Dubhairt sí léithe gur fhága sí ar charraig a ghunna é bhí fear ann a bhíodh ag breith ar éanacha. D'imthigh sé leis lár na bárach agus thug sé cliabhán éanacha leis agus chuir sé rud le nithe isteach ann. Nuair a chonnaic an colun an cliabhán agus an bheatha istigh ann ní dhearna sé a dhul isteach ann agus dhúin sé an chomhla. Rug an fear air, ní raibh blas coithighis ag an téan roimhe. Thug an fear an t-éan abhaile agus thug sé chó fada le ceannaidhe siopa é dhá dhíol leis. "Tá éan galánta agat," adeir an ceannaidhe siopa leis. "Tá adeir sé "cé mhéad a bhéas tú a iarraidh air?" "cúig phunt," adeir sé "tiubhraidh mise duit é," adeir sé "céard a déanfar tú leis adeir sé leis an gceannaidhe siopa. "Déanfaidh mé a ithe," adeir an ceannaidhe siopa. "Ní thiubhraidh mise duit é má sé a ithe a dhéanfar tú dá dtuighthá dhá chéad dom." Níor thug sé dó é. D'imthigh leis ón gceannaidhe siopa sin. Chuaidh sé chomh fada le ceannaidhe siopa eile, "tá éan galánta agat," adeir sé tá." "Cé mhéad a bhéas tú a iarraidh air, "cúig phunt, "tiubhraidh mise duit é" "céard a

d'éanfar tú leis? "Déanfaidh mé a ithe," "ní thubraidh mise duit é, dá dhugthá trí chéad punt dom air, mar ag dul dá ithe a bhéas tú" d'árduigh se leis uaidh é go ndeachaidh sé có fada leis ceannaidhe siopa eile "tá éan breagh agat," "tá "cé mhead tá a iarraidh air?" "cúig phunt." "Tiubhraidh mise cúig phunt duit agus deich bpunt" "céard a déanfar tú leis,² "déanfaidh mé cliabhán éanacha dó agus chuirfidh mé saigdiúr ag tabhairt aire dó le bheith ar láthair daoine uaisle a bhéas ag teacht ag dinnéar liom. Taithnigheann an téan go mór liom." Dhíol sé an t-éan leis nuair nach raibh sé ag dul dhá ithe. D'imthigh leis, nuair a leagtaoi ar an mbord an t-éan, bhéarfadh sé ar an sgian le na crúba agus nuair a bhíodh sé réidh leis an sgian leagfadh sé uaidh í agus chuirfeadh sé an fheoil ina bhéal leis an bforc. Nuair a theigheadh na daoine uaisle ní bhíodar tuirseach ag an mbord ar chor ar bith ach ag breathnú air ag déanamh a chuid cleas. Cleasa lúith is cleasa gaisgideachta a bhíodh sé a dhéanamh dóibh, Bhíodh na céadta dairgead ingin acab dó. Bhí inghean ag an gceannaidhe siopa seo, bhí sí thuas i mbarr an tighe agus níor mhaith léithe breathnú ar fhear ar bith bhí sí chó hinntinneamhail sin. Chuaidh an t-athair suas go dtí í, "ní fhaca tú an t-éan galánta atá agam," adeir sé léithe "ní fhaca. Tabhair i mo láthair é go bhfeiciadh é, "adeir sí thug sé chuice ina láthair é tharraing sí fáinne aníos as a póca chuir sí ar a súil é, bhreathnuigh sí tríd an bhfáinne air. "Shíl mé a athair, nach dtiuburthú fear i mo láthair nuair nár thug tú i láthair aon fhir mé," "agus an fear é sin "adeir sé. "Seadh, mac Rí fo Thuinn agus an bhainurioghan sholusach. "Chuir a léitéide seo d'iuighin Rí – i náit a chuaidh sé féin agus ioncail dá hiarraidh-chuir sí iallach ar bhean coiuideachta a chuir amach ar charraig na ngunna go n-íosfadh na héanacha é. adeir sí, ach séard a rinne an bhean a sgaoileadh sa gcoill. Rug an fear sin air a dhíol leat –sa é. "An ndéanfá leas dó, "adeir an t-athair "déanfad. Níl le déanam agam ach a leigean as mo bhois agus séideog a chuir faoi mar rinne an bhean a rinne colun d'é Leag sí ar a bhois é agus rinne sí fear dhó (dhe). Nuair a bhí sé infhear d'innis sé chuile rud dhí cuirfidh mise trí cinn de soithigh abhaile leat gat' fhágáil sa mbaile, adeir an ceannaidhe- bhí sé ina Rí farrige. Chuir sé trí cinn de shoithigh abhaile leis agus chuir sé isteach i gceann acab é. Sheoladar leob go dtáinigedar as cionn an oileáin seo agus briseadh an trí soithigh le gála mór. Níor tháinig aon fhear beo ach é féin. Déirigh sé as clár a bhí san uisge, Maide mór agus níor faitchíos dó theacht a dtírar an oileán leis an méid beithidhigh éigail a bhí ann, madraí alla, asail muillí, sionnaigh agus chuile shórt beidheach dá rainh fiadháin ann, d'fan sé ar an maide go dtáinig sé ar charraig a d'fan sé ar an gcarraig go dtáinig an oidhche, go dtáinig na beithigh éigéile chun suaimnis, agus annsin shuibhail sé suas an t-oilean go bhfaca sé solus. Shiubhail sé ar an solus go dtáinig sé isteach i gcúirt. Bhí fear istigh roimhe chuir sé cead míle fáilte roimh Rí an tsráimh, mac Rí an thuinn. "Is mór an t-iongantas gur leigeadh i dtír ar an oileán seo chor ar bith tú," adeir an fear. "Marach gur fhan mé go ndeachaidh na beithigh chun suaimnis ní leigfidhdhe" "is gearr go mbeadh ceann eile déanta dhíot féin mar sin ag bainrioghain atá ar an oileán seo. Sí a bháth trí soithigh, soithigh a bhí ag tigheacht leat, ó thárla gur mac Rí a bhí ionnat, agus sí a sábháil tú féin i riocht is go mbeadhin aice. Chuile bheidheach acasin bhí sé ina bhfear aice sin ar feadh coigcise agus beidh ceann eile déanta díot-sa aice i gceann coigcise. Béidir go gcoinneochainn sgathamh tú ach ina dhiaidh sin bainfidh sí díom thú" adeir an fear leis. Chaith sé an oidhche sin in-éinfheacht leis seo. Séard a bhí ann draoidheadóir d'fan sé aige trí lá. An tríomhadh lá tháinig an bhainrioghan chó fada leis dhá thóruigheacht i ag troid leis

an draoidheadóir. "Shílfeá go gcuirfeá sgéal chugam go raibh an fear seo annseo agam," adeir sí "níor iarr mé sin a dhéanamh" adeir an draoidheadóir, nach mac dreathair dom féin e chuir me fios air le bheith ina bhuachaill siopa annseo agam "muise caithfidh tú a thabhairt suas," adeir sí. "Ní chaithfeadh," adeir sé. "chaithfeadh,tú," adeir sí "ní chaithfeadh," adeir sé. D'imthigh sí an lá sin agus tháinig sí i gceann coigise aríst. "Caithfidh tú a thabhairt dom gan buidheachas," adeir sí. "Ním thiubhraidh mé duit é go ceann míosa ar chuma ar bith," adeir sé D'imthigh sí an lá sin, ní raibh sí imthighthe ach seachtain nuair a tháinig sí dá iarraidh aríst. "Ní thiubhraidh mé duit é go ceann míosa," adeir sé. "Bíodh sé agat faoi cheann míosa." "Déanfaidh sin," adeir sí. Nuair a bhí an mhí thuas an lá a bhí an sí ag tigheacht: anois adeir an draoidheadóir leis seo (Rí an tSnáimh) beidh sí sin an- chinéalta leat go dtí coigís nó trí seachtainí ach bí ag faire go bhfeicidh tú ag fanacht oidhche ina suidhe í agus tar chó fada liomsa annseo mar beidh mise ag obair ina haghaidh "dubhairt sé leis gan blas ithe ná ól go dtiocfadh sé chó fada leis fein. Bhí sé ag faire annsin go bhfaca sé ag fanacht ina suidhe í oidhche, agus maidin lár na bhárach dubhairt sé go rachadh sí chó fada le n-a oncal, gur dhearmad sé leabhar ann agus go gcaithfeadh sé dhul dhá iarraidh "cuirfidh mise teachtaire dá iarraidh sin duit,"adeir sí "ní gheobhfaidh teachtaire ar bith é , caithfidh mé féin a dhul dhá iarraidh," adeir sé. Dimthigh leis go ndeachaidh sé dá iarraidh chó fada leis an draoidheadóir "D'fan an cailín ina suidhe aréir ,adeir an draoidheadóir "d'fan,"adeir an Rí an tSnáimh "bhí mise ag obair ina haghaidh annseo,"adeir an draoidheadóir. "seo anois trí cinn de chácaí. Tiubhraidh tú leat iad beidh aithna agat ortha, na trí cinn de chácaí a bhéas leagtha ar an mbord aice romhat cuirfidh tú go leath-taobh iad, agus íosfaidh tú iad seo agus nuair a bhéas tú ag ithe na gcácaí," adeir sé, "béidh cíléar uisge leagtha ar an urlár agus cupán leagtha síos ann agus níl aon uair dá n-íosfaidh tú ceann de na cácaí nach n-ionntóchaidh sí an cupán agus nach gcuirfidh sí ráise aiste"adeir sé. "Dárbh iad (dá mba iad) a chuid cácaí isa a bheadh tú ag ithe bheadhthá i do bheitheach éigéil ar an bpointe aice, an chéad cheann a d'fiosfá dhíobh. "Seo trí cinn de chácaí eile agat agus tiubhraidh tú duithe iad. Ní chuirfidh sí aon tsuim iontabh. Abair ,gur cácaí a cheannuigh tú i dtigh t-oncail iad agus iad ,ithe agus gabhfaidh sí agus íosfaidh sí ar an bpointe iad. "Nuair a bhéas na cácaí ithe a,d-sa agus é cinnte uirthe aon bheidheach éigéil a dhéanamh dhíot a bféachaidh sí gur ag iarraidh bheith ag cur faitíos ort a bhí sí. "Abair thusa: más cleas é a théigean timpeall,' agus éirigh thusa agus ionntuigh an cupán faoi san uisge agus abair leithe í a bheith ina capall marcuidheachta faoi n-a srian is faoi n-a diallaid. Téirigh ag marcuidheacht uirthe agus ná spáráil spuir uirthe go dtuga tú abhaile ag do mháthair í agus is maith a aithneochaidh sí sin í." Chuaidh sé ar ais abhaile aic agus nuair a tháinig sé isteach (labhairsí) "ó nach fada amuich ó mhaidin thú, tá do bhriceasta fuarughthe annseo rómhat," adeir sí. Chuir sé lámh ina phóca rug sé ar an mála a raibh a chuid cácaí ise ann, leag sé ar an mbord iad. "Seo cácaí a cheannuigh mé i dtigh m'oncail duit," adeir sé. Thosuigh sí dhá ithe ar an bpointe. Nuair a chonnaic seisean ise dhá ithe ní dhearna sé ach cúl a láimhe a chuir leis na cácaí a bhí ar an mbord agus na cácaí eile leagan ina n- áit. Thosuigh sé dá n-ithe. Nuair a bhí cáca ithte aige ní dhearna sé ach an cupán ionntú. "Bí i do mhúille," a deir sí nuair a bhí cáca eile ithte aige d'ionntuigh sé an cupán aríst. "Bhí id'asal," adeir sí nuair a bhí an tríomhadh ceann ithte aige, "bhí i do mhadra alla," adeir sí, ach ní rinne sí tada dhe. Chinn sé uirthe ar gach aon bhealach. "Gado sgannradh a bhí mé," adeir sí

"má's mar sin é," adeir sí, "b'fhéidir go gcuirfeadh muid féin faightíos suas. Bhí sé ag breathnú ar an gcaoi a raibh sise ag iompú an cupán agus ní dhearna sé ach é a iompú ar an mbealach céadna." bí i do chapall marcuideachta am-sa faoi do srianis faoi do dhiallaid," adeir sé, agus arnú bhí ar an bpointe. Nuair a bhí sí ina capall annsin aige chuaidh sé ag marcuidheacht uirthé agus tiomáin sé leis í go dtáinig sé ag an draoidheadóir go bhfágadh sé comhairle eile uaidh. Nuair a chonnaic an draoidheadóir ag tigeacht é: "Ó tá sí a'd," adeir sé "tá," adeir sé. "Ná spáráil spuir uirthé sin agus ná stopadh thada thú go dtuga tú abhaile ag do mháthair í agus is maith ad' aithneochas do mháthair an cailín sin agus ní hé an deagh-rud a dhéanamh léithe," adeir an draoidheadóir bhuail sé ag marcuidheacht uirthé agus bhí sé is na cosa in-áirde ariamh go raibh sí ag dhul amach geata agus sean- bhean ar taobh de, n gheata agus sean-fhear ar an taobh eile. Nuair a chuaidh sé amach thartabh: "Ó hó agus abh-ó" ag chaon duine acab "céard atá oraibh?" adeir sé. "Ó muise , tá capall a bhí fadó an lá againn," adeir siad, " agus ní fhacamar aon chapall ariamh is coramhla léithe ná í sin." "An gceannóchadh sibh í? "ceannóchamuid. Cé mhéad a bhéas tú a iarraidh uirthé?" adeir siad, "céad punt," "tiubramuid-sa céad punt duit," adeir siad "ní dhíolfainn mo chapall chor ar bith libh," adeir sé "Tá tú mall," adeir siad, fuair tú an margadh a d'iarr tú agus níl tú ag dhul siar indo mhargadh" D'iompuigh siad ar ais an capall abhaile agus bhí siad féin sa mbaile chó luath léithe mar séard a bhí ionnta a hathair is a máthair. Nuair a bhí siad ag an gcúirt annsin rug an máthair ar slaitín draoidheachta, rinne sí madra alla de sin agus bean dí-se . Nuair a bhí a bhí sí ina bean annsin aríst tháinig sí chó fada leis an draoidheadóir ag troid leis. "Nach deas an cleas a rinne tú, capall a d'éanamh díom gomo chur i gceann a mháthair go dtugadh sí droch-spídiúlacht dom," adeir sí. Mar indeacha tusa chuide, tiocfaidh sise chugat," adeir sé ag bualadh a chois faoi' urlár. "Eirigh aníos as sin a thínnteach, agus téirigh chó fada leis an mbainrioghan Sholusach agus abair léithe go bhfuil madra alla déanta dá mac annseo ag an mbainrioghan crua-Fhortúnach agus tigheacht có fada leis." Bhí an doirseoir ag coinneáil cainte léithe. Ní raibh sí imthighthe amach as teach an draoidheadóir' nuair a bhí an tínnteach agus an bhainrioghan Sholusach ar ais. Nuair a tháinig sí isteach séard a rinne sí breith ar chúl chinn uirthé agus í a chur amach róimpe ar an oileán gur thóg sí an méad sin daoine a bhí ariamh faoi draoidheacht aice. Nuair a bhí an méad sin déanta aice chuaidh sí abhaile í féin agus a da mac agus nuair a bhí sí sa mbaile sé an chaoi ar thosuigh sí ar an Rí a raibh a inghean a chuir faoi draoidheacht a mac agus chuir sí cath air agus níor fhága sí aon duine beo dá raibh timcheall uirthé de chongnamh ná de chuidiú ariamh aige ach é féin agus an inghean agus b'éigin dó féin ise a phósadh agus do'n inghin an mac a phósadh.

11.8.31

I dtigh Mhicilín a sgríobhadh an sgéal.